



# Treoir Churaclaim

## do bhunscoileanna

## Múineadh, Foghlaim agus Measúnú 2021-2022

Ní raibh a leithéid de bhliain riamh roimhe seo ag pobail scoileanna agus a bhí in 2020-2021. Le linn na tréimhse seo, léirigh scoileanna go leanúnach a gcumas a bheith freagrúil d'éilimh athraitheacha agus athléimneach agus iad ag díriú ar dhúshlán athraitheacha. Cé go ndeachaigh dúnadh na scoileanna i bhfeidhm ar gach dalta, ba mhínic an tionchar ba mheasa aige sin ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu agus na daltaí is mó atá i mbaol a bheith faoi mhíbhuntáiste oideachais. Nuair a d'athoscail na scoileanna, lean siad orthu de na straitéisí agus cuir chuige a bhí i bhfeidhm le linn an tsoláthair chianda a úsáid, lena n-áirítear i réimsí na teicneolaíochta digití agus na foghlama lasmuigh, chun torthaí agus eispéiris foghlaimoírí a fheabhsú. Beidh dúshlán nua le sárú sa scoilbhliain atá romhainn ach beidh deiseanna ann freisin chun leas a bhaint as foghlaim na bliana seo caite agus tógáil uirthi.

- Tugtar i leathanaigh 1 - 4 den treoir seo príomhphointí faisnéise do scoileanna don bhliain amach romhainn. Cuirtear ceisteanna machnamhach ar fáil i ndiaidh gach rannáin chun tacú le scoileanna tosaíochtaí do 2021-2022 a mheas agus a aithint.
- Léirítear ar Leathanach 5 eiseamláirí, ó idirghníomhaíochtaí le scoileanna, de chur chuige a ghlac siad chun tosaíocht a thabhairt do réimsí forbartha i 2021-2022.

## Oideolaíocht

- Gné shuntasach d'fhoghlaim na ndaltaí an bhliain seo caite ab ea an fhoghlaim lasmuigh agus ba chabhair é chun mothú folláine agus sástachta a chothú i measc na ndaltaí. Moltar leanúint den timpeallacht lasmuigh a úsáid arís i mbliana chun tacú leis an múineadh agus leis an bhfoghlaim. Tá seimneáir ghréasáin curtha ar fáil ag an CNCM chuige seo, agus tá siad ar fáil [anseo](#).
- Chuir cuir chuige téamacha agus comhtháite i leith an teagaisc agus na foghlama anuraidh ar chumas scoileanna cur le héifeachtúlacht chur i bhfeidhm an churaclaim. D'éascaigh na cuir chuige seo foghlaim iomlánaíocht do dhaltaí agus ba chóir iad a chur i bhfeidhm arís i mbliana.
- Rinne a lán scoileanna iniúchadh agus sealbhú ar theicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe le linn tréimhsí cianteachais agus foghlama. Ghlac múinteoirí cineálacha cur chuige nuálacha maidir le hacmhainní digiteacha a úsáid chun an múineadh agus an fhoghlaim a fheabhsú, agus d'fhorbair daltaí agus a dteaghlai a gcuid scoileanna digiteacha le go bhféadfaidís oibriú go ciallmhar le hábhair ar líne. Ba chóir do scoileanna leanúint ar aghaidh sa bhliain amach romhainn ag tapú na ndeiseanna a ghabhann leis an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid mar acmhainn chun foghlaim na ndaltaí a leathnú agus a shabhrú.
- Tá Treoir do Dhaltaí atá in an-ard riosca ag COVID-19 ar fáil [anseo](#).

*Conas is féidir linn na deiseanna le haghaidh foghlaim lasmuigh a uasmhéadú?*

*Cad iad na cineálacha cur chuige téamacha atá á n-úsáid againn inár scoil faoi láthair? Conas is féidir linn na cuir chuige seo a leathnú agus a chomhdhlúthú?*

*Conas a fheabhsaíonn ár gcur chuige i leith na foghlama digití torthaí foghlaimoírí? An bhfuilimid ag baint gach leas is féidir as an ardán/na hardáin dhigiteacha atá in úsáid againn?*

## Comhoibriú

### Daltaí

- Cuireann foghlaim chomhoibritheach ar chumas na ndaltaí smaointe, tuiscintí agus tuairimí daoine eile a chur san áireamh. Is féidir le gníomhaíochtaí dea-phleanáilte beirte agus grúpa le hintinn shoiléir foghlama agus critéir ratha cabhrú le daltaí a gcuid foghlama a chomhdhlúthú agus a leathnú. Soláthraíonn siad deiseanna ar leith chun scoileanna cumarsáide na ndaltaí a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú.
- Teastaíonn deiseanna ó dhaltaí chun oibriú i gcomhar sa seomra ranga. Ba chóir do mhúinteoirí smaointe ar d'eiseanna chun caidreamh dearfach a chothú i measc na ndaltaí ina rang féin. Is féidir foghlaim chomhoibritheach a éascú trí theagasc píaraí agus straitéisí a úsáid chun obair beirte a chur chun cinn mar *Smaoinigh, Péiráil, Roinn*, obair i ngrúpaí beaga laistigh d'fhaighneoga, agus úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha.
- D'fhéadfadh an teicneolaíocht a bheith úsáideach freisin chun caidreamh dearfach a chothú idir ranganna, ag úsáid áiseanna físe / fuaime le haghaidh cur i láthair, mar shampla.

### Múinteoirí

- Is féidir le comhoibriú idir múinteoirí scoileanna agus foghlaim daltaí a fheabhsú, agus tacú le folláine na foirne ag an am céanna. Anuraidh, cheap scoileanna bealaí nuálacha chun tacú le comhoibriú foirne agus cothú caidrimh, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil.
- Is féidir le comhoibriú idir múinteoirí é a dhéanamh níos fusa straitéisí éifeachtacha teagaisc scoile uile a chur i bhfeidhm, mar shampla trí shaineolas agus modheolaíochtaí a roinnt i measc múinteoirí laistigh de na rang-ghrúpaí céanna. Féadfaidh sé seo tarlú ag leibhéal na scoile nó le comhghleacaithe ó scoileanna eile.
- Is fiú go mór d'fholláine na foirne deiseanna neamhfhoirmiúla don fhoireann chun nascadh lena chéile, ar aon dul leis an gcomhairle sláinte poiblí.



*Cad iad na deiseanna do chomhoibriú a chuirimid ar fáil dár ndaltaí? Cén t-eolas agus cad iad na scoileanna atá á sealbhú ag ár ndaltaí ó na deiseanna a fhaigheann siad chun comhoibriú? Cad iad na deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a chuirimid ar fáil dár bhfoireann scoile chun nascadh agus comhoibriú?*

# Comhpháirtíocht le Tuismitheoirí

- Chiallaigh srianta na bliana seo caite nach raibh scoileanna in ann an deis a thabhairt do thuismitheoirí ról gníomhach a ghlacadh i dtionscnaimh scoile sa scoil féin. Ba chóir do scoileanna ullmhú chun bealaí a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht ghníomhach tuismitheoirí a éascú, nuair a cheadaíonn an chomhairle sláinte poiblí é, mar shampla trí thionscnaimh Litearthachta, Uimhearthachta agus Folláine.
- Chun gur féidir faisnéis maidir le riachtanais agus dul chun cinn daltaí a roinnt go luath, ba chóir do scoileanna smaoiniamh ar chruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí a thionól i dtéarma a haon de 2021, ar aon dul leis an gcomhairle sláinte poiblí. Tá Treoir maidir le *Tacú le Comhoibriú le Tuismitheoirí* ar fáil [anseo](#). Beidh ardán digiteach na scoile úsáideach freisin chun comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí a neartú agus a chothabháil.
- Cheap an Cumann Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA) an suíomh Gréasáin [helpmykidlearn.ie](http://helpmykidlearn.ie). Tugann sé seo faisnéis ábhartha le chéile do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne chun tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta leanai.



*Conas a éascaímid cumarsáid idir tuismitheoirí agus múinteoirí? Conas a thacaímid le tuismitheoirí chun páirt ghníomhach a ghlacadh in oideachas a linbh? Conas is féidir linn rannpháirtíocht tuismitheoirí a mhéadú, inár dtionscnaimh Litearthachta agus Uimhearthachta mar shampla?*

## Soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu

- Ba cheart go leanfaí de sholáthar a dhéanamh do dhaltaí a bhfuil RSO acu ar aon dul leis na [Treoirilnte do Bhunscoileanna: Tacú le Daltaí Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta acu](#), ar bhonn an leibhéil tacaíochta is mó a thabhairt dóibh siúd is mó atá ina gátar. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar dhaltaí ar ghéaraigh an phaindéim ar a gcuid riachtanas.
- Cuirfidh anailís ar shonraí measúnaithe ó thástálacha caighdeánaithe agus diagnóiseacha chomh maith le foinsí faisnéise eile ar chumas múinteoirí/foirne oideachais speisialta clár freagrúil tacaíochta a fhorbairt do dhaltaí sa bhliain amach romhainn.
- Ba chóir athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar phleananna faoin gContanam Tacaíochta do dhaltaí aonair ar aon dul le deachleachtas chun riachtanais reatha agus riachtanais atá ag teacht chun cinn i measc daltaí a chomhlíonadh.
- Ba cheart idirghabhálacha spriocdhírthe do dhaltaí aonair agus do ghrúpaí beaga, ar bhonn aistarraingthe ionranga, a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht chúramach a dhéanamh orthu lena chinntiú go mbeidh an tionchar is mó is féidir ag an tacaíocht ar dhul chun cinn agus ar rath foghlaimeoirí.



*Conas a aithnímid riachtanais daltaí? An leithdháiltear ár soláthar do dhaltaí a bhfuil RSO acu ar shlí a chinnteoidh gurb iad siúd is mó atá ina gátar a fhaigheann an leibhéal tacaíochta is mó? An bhfuil anailís déanta againn ar shonraí measúnaithe lena chinntiú go ndéantar idirghabhálacha ar bhonn sonrach agus spriocdhírthe? Conas a dhéanaimid monatóireacht agus tuairisciú ar rath agus gnóthachtáil daltaí? Conas is féidir linn a chinntiú go bhfuil ár soláthar RSO solúbtha go leor chun freagairt do riachtanais a thiocfaidh chun cinn i rith na bliana?*

## Aistrithe

- Tá an curaclam bunscoile solúbtha agus dírithe ar an leanbh agus is féidir é a oiriúnú chun freastal ar riachtanais leanai. Ba chóir do mhúinteoirí ranga agus do mhúinteoirí tacaíochta comhroinnt faisnéise cuí a éascú lena chinntiú go n-aistríonn daltaí chuig leibhéal ranga nua chomh réidh agus is féidir.
- Chuir an Roinn treoir ar fáil chun tacú le bainistíocht éifeachtach ar aistrithe ó shuíomhanna luathfoghlaime agus luathchúraim go dtí an bhunscoil. Tá an treoir ar fáil [anseo](#).
- Tá acmhainní agus treoir maidir leis an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil curtha i dtoll a chéile ag an NCCA chun tacú le haistriú dearfach isteach i rang na naíonán sóisearach, atá ar fáil [anseo](#). Ina measc seo tá teimpléid thuairiscithe [Mo Sceal](#), ar féidir leo tacú le haistriú faisnéise faoi dhul chun cinn agus ghnóthachtáil daltaí idir réamhscoileanna agus bunscoileanna.



*Conas a éascaímid comhroinnt faisnéise idir múinteoirí de réir mar a théann daltaí ar aghaidh tríd an scoil? An bhfuil acmhainní ann a d'fhéadfaímis a úsáid chun aistriú dearfach isteach i rang na naíonán sóisearach a éascú tuilleadh do pháistí?*


## Measúnú

- Tá measúnú, lena n-áirítear aiseolas sa dá threo idir daltaí agus múinteoirí, ina chuid dhílis den phróiseas múinteoireachta agus foghlama. Is féidir leis an múinteoir tacú le daltaí trí aiseolas dearfach, faisnéiseach a sholáthar do dhaltaí chun na chéad chéimeanna oiriúnacha eile san foghlaim a aithint agus a ghlacadh. Nuair a leagtar béim in aiseolas ar chritéir d'fhoghlaim rathúil, cabhraíonn sé le daltaí a gcuid oibre féin a mheas, agus tugann sé treoir d'fhoghlaim sa todhcháil.
- Ba cheart sonraí measúnaithe, lena n-áirítear torthaí tástálacha caighdeánaithe agus cineálacha eile measúnaithe múnlaiteacha agus suimitheacha, a úsáid chun bonn eolais a chur faoin mhúineadh agus faoin bhfoghlaim leanúnach in 2021-2022. Tá [Treoirilnte Measúnaithe an CNCM do Scoileanna](#) úsáideach ina leith seo.
- Beidh na Measúnuithe ar Dhul Chun Cinn sa Staidéar Litearthachta Léitheoireachta Idirnáisiúnta (PIRLS) ar siúl i sampla de scoileanna ar tugadh fógra dóibh cheana i bhfómhar na bliana 2021.



*Cén fhaisnéis a thugann ár sonraí measúnaithe dúinn faoinár ndaltaí? An bhfuilimid ag uasmhéadú tionchar straitéisí measúnaithe múnlaiteacha agus sonraí ó mheasúnuithe suimitheacha chun foghlaim daltaí a fheabhsú?*

## Féinmheastóireacht Scoile (FMS)



- De réir [Imlitir 32/2021](#), leanfaidh timthriall reatha FMS isteach sa scoilbhliain seo. Tosóidh an chéad timthriall eile i Meán Fómhair 2022. Roimhe sin, rachaidh an Roinn agus a Cigireacht i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear príomhoí, ceannairí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí. Cuideoidh an comhairliúchán seo linn a fháil amach cad atá ag obair go maith agus cad iad na bearta breise ba cheart a dhéanamh chun tacú le húsáid FMS.
- Tá gach Nuachtlitr FMS ar fáil ar an suíomh Gréasáin a nuashonraíodh le déanaí [schoolself-evaluation.ie](#)
- Is féidir le scoileanna cuairt chomhairleach FMS a iarraidh óna gcigire scoile trí ríomhphost a chur chuig [info@schoolself-evaluation.ie](mailto:info@schoolself-evaluation.ie)



*Conas is féidir linn próiseas FMS a úsáid chun díriú ar na dúshláin a tháinig chun cinn le linn na paindéime? An bhfuil obair le déanamh fós ónár dtimthriall FMS roimhe seo?*

# Folláine

- Is tosaíocht í an fholláine do phobail scoile i gcónaí. Tá go leor cineálacha cur chuige nuálacha forbartha ag scoileanna cheana féin chun an fholláine a chur chun cinn, agus táthar ag súil go dtosóidh gach scoil ar a bpróiseas cur chun cinn na folláine faoi 2025. Tá acmhainní folláine, lena n-áirítear *Ráiteas Beartais Folláine agus Creat Cleachtais* na Roinne, ar fáil [anseo](#).
- I bhfómhar 2021 a chuirfidh an SFGM tús le FGL a thabhairt isteach ar chur chun cinn na folláine agus mairfidh sí trí bliana.
- Is seirbhís rúnda saor in aisce í An tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe: Folláine le Chéile 'atá ar fáil do mhúinteoirí agus d'fhoireann scoile eile.



*Cad iad na láidreachtaí atá againn faoi láthair ó thaobh na folláine agus cad iad na réimsí forbartha maidir le folláine? Cad iad na straitéisí is féidir linn a úsáid chun folláine a chur chun cinn i measc ár ndaltaí agus na foirne? Conas is féidir linn leas a bhaint as straitéisí a d'fhorbraíomar anuraidh chun tacú le folláine?*

## Ullmhúchán don Mhúineadh agus don Fhoghlaim

- Seoladh *Treoir um Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim* i dtéarma a trí den scoilbhliain 2020/21. Ba chóir múinteoirí a spreagadh chun an treoir seo a úsáid chun tacú lena n-ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim. Tá an treoir ar fáil [anseo](#) agus ba chóir do cheannairí scoile é seo a roinnt leis na múinteoirí go léir.
- Is féidir go mba chabhair é don scoil ar fad féachaint ar an [bhfíseán idirghníomhaireachta](#), an doiciméad treorach a léamh, agus aird a thabhairt ar na príomhcholúin ullmhúcháin don mhúineadh agus don fhoghlaim chun tuiscint agus muinín a chothú sa tslí a léireofar an t-ullmhúchán i gcomthéacs do scoile féin.
- D'fhéadfadh go mbeadh na ceisteanna machnamhacha sa doiciméad treorach (lch.12) úsáideach mar phointe tosaigh chun díospóireachtaí foirne a threorú maidir le hullmhúchán don mhúineadh agus don fhoghlaim.
- Beidh na seirbhísí Cigireachta agus tacaíochta ar fáil chun tacú le múinteoirí agus ceannairí scoile de réir mar a achtaítear an treoir. Tosóidh cigirí ag plé le ceannairí scoile agus múinteoirí agus ag tacú leo de réir mar a fhorbraíonn siad tuiscint athnuaite ar ullmhúchán don mhúineadh agus don fhoghlaim i rith na scoilbhliana 2021-2022.



*Cad iad na buanna inár gcur chuige reatha i leith ullmhú don mhúineadh agus don fhoghlaim? Cad is féidir linn a fhorbairt i bhfianaise na treorach nua? Conas is féidir linn na cuir chuige seo a thriail agus a athbhreithniú?*



## Cosaint Leanaí

- Ba chóir do scoileanna na teimpléid éigeantacha nua a úsáid agus a n-athbhreithniú bliantúil ar chosaint leanaí á dhéanamh acu. Tá na teimpléid ar fáil [anseo](#).
- Tá an teimpléad *Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca* curtha le chéile anois i ndoiciméad amháin, *Teimpléad Éigeantach 1*.
- Is é *Teimpléad Éigeantach 2* an Seicliosta le haghaidh Athbhreithniú ar an *Ráiteas um Chosaint Leanaí*.
- Is é *Teimpléad Éigeantach 3* an fógra maidir le hathbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar an *Ráiteas um Chosaint Leanaí*.



## Frith-Bhulaíocht

- Tugann na [Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, \(2013\)](#) treoir d'údarais scoile agus do phearsanra scoile maidir le hiompar bulaíochta scoilbhunaithe a chosc agus tabhairt faoi, agus chun déileáil le haon tionchar diúltach laistigh den scoil ar iompar bulaíochta a tharlaíonn in áit eile. Tá teimpléid éigeantacha ar fáil [anseo](#).
- Mar chuid dá taighde le linn na scoilbhliana 2021/22, beidh an Chigireacht ag féachaint ar a mhéid atá scoileanna ag dul i ngleic le riachtanais Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, (2013).
- Cuirfear seimineár gréasáin ar líne faoi na forbairtí seo ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí i Meán Fómhair 2021.



*De réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí agus na Gnásanna Frithbhulaíochta, cathain a chaithfidimid ár n-athbhreithnithe bliantúla a chur i gcrích? Cad iad na bearta a chaithfidimid a dhéanamh tar éis na n-athbhreithnithe seo?*

## An Chigireacht

- Leanfaidh an Chigireacht ag tacú le scoileanna sa scoilbhliain 2021-2022. Tosóidh clár meastóireachta i Meán Fómhair 2021 de réir Imlitir 0032/2021.
- Tá faisnéis faoi mhúnlaí cigireachta ar fáil i:

[Treoir maidir le Cigireacht i mBunscoileanna](#)

[Treoir maidir le Cigireachtaí ar Chosaint Leanaí](#)

# Forbairt Ghairmiúil Leanúnach



- Tugtar breac-chuntas ar Ghréasáin na Seirbhíse Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí (SFGM) ar an gclár deiseanna forbartha gairmiúla don bhliain amach romhainn agus tá sé ar fáil [anseo](#).
- Cuireadh clár athbhreithnithe um fhorbairt ghairmiúil chun tacú le múinteoirí *Curaclam Teanga na Bunscoile* a chur i bhfeidhm ar aghaidh chuig na scoileanna.
- Tugtar sa *Chatalóg um Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí* na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) breac-chuntas ar an raon deiseanna forbartha gairmiúla atá le teacht do phearsanra scoile atá ag obair le daltaí a bhfuil RSO acu.
- Féadfaidh scoileanna iarratas a dhéanamh chuig SFGM nó CNOS ar thacaíocht scoilbhunaithe sa bhliain amach romhainn.
- Soláthraíonn an *Ionad Ceannaireachta Scoile (ICS)* contanam de thacaíochtaí forbartha gairmiúla ag tosú le hoiliúint réamhcheapacháin go dtí ionduchtú príomhoidí nuacheaptha agus forbairt ghairmiúil leanúnach ó thús deireadh ghairmré an cheannaire. Tá faisnéis mhionsonraithe ar a suíomh Gréasáin, atá ar fáil [anseo](#), faoi raon na dtacaí atá á dtairiscint i 2021-2022.
- Cuireann an Clár Ionduchtaithe Náisiúnta do Mhúinteoirí (NIPT) forbairt ghairmiúil múinteoirí nua-cháilithe (MNCanna) chun cinn trí thacaíocht chórasach ina gcéad bhliain teagaisc, agus ar an gcaoi sin bunús a chur síos d'fhás agus d'fhorbairt ghairmiúil ina dhiaidh sin. Tá sonraí maidir lena dtacaí ar fáil [anseo](#).
- Soláthraíonn Webwise agus SFGM Teicneolaíocht san Oideachas nuachtlitreacha freisin ar féidir le scoileanna clárú dóibh.



*Conas is féidir linn riachtanais na scoile iomláine a fhorbairt go straitéiseach maidir le forbairt ghairmiúil? Cén saineolas atá ag an bhfoireann cheana féin chun tacú linn acmhainn na scoile uile a fhorbairt maidir le riachtanais shonraithe foghlama gairmiúla? Cén saineolas seachtrach atá ar fáil dúinn chun gur féidir linn na riachtanais seo a chomhlíonadh? Conas is féidir linn leanúint de bheith ag cur le saineolas múinteoirí aonair agus na foirne iomláine?*

## Forbairtí Curaclaim

- Nuashonraíodh an fhoireann uirlisí do Churaclam Teanga na Bunscoile (CTB) agus tá faisnéis tacaíochta bhreise ann anois. Ina theannta sin, cuireann an fhoireann uirlisí *Abhair Tacaíochta* nuacheaptha i láthair do mhúinteoirí a thacaíonn le Litearthacht Dhigiteach, Éagsúlacht Teangeolaíoch agus le múineadh na Gaeilge i scoileanna Béarla. Ina theannta sin, féadfaidh na *Contanaim Dul Chun Cinn* tacú le múinteoirí agus iad ag obair le torthaí foghlama an churaclaim.
- Sa *Dréacht-Chreat Curaclaim Bunscoile* a foilsíodh i mí Feabhra 2020 leagtar amach moltaí maidir le hathfhorbairt an churaclaim bhunscoile. Dúnadh céim a haon den chomhairliúchán i mí Eanáir 2021. Tá sé beartaithe céim a dó a réachtáil ó Mheán Fómhair 2021 go Nollaig 2021. Moltar do gach múinteoir agus ceannaire scoile páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin - tá tuilleadh faisnéise ar fáil [anseo](#). Chun a chinntiú go mbeidh guthanna leanaí lárnach do leagan deiridh an dréachtchreata, beidh comhairliúchán le leanaí ar siúl le linn 2021-2022. Scaipfidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe (CNCM) nuashonruithe ar an gcomhairliúchán trí ríomhfheasacháin ar féidir clárú dóibh [anseo](#).
- San Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus in Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG), sheol an CNCM roinnt acmhainní nua chun tacú le múinteoirí. Leathnófar iad seo sa bhliain amach romhainn agus tá siad ar fáil [anseo](#).
- Seoladh *Déanann Teangacha Nasc* i dtéarma a trí den bhliain seo caite. D'iarr an tAire Oideachais léirithe spéise ó bhunscoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla agus trí mhéan na Gaeilge agus scoileanna speisialta chun páirt a ghlacadh i modúl nua samplóra teanga. Cuirfidh an samplóir teanga atá beartaithe ar chumas do scoileanna teanga iasachta nua-aimseartha nó Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) a roghnú. Tacóidh Teangacha Iar-bhunscoile na hÉireann (TIBE) le scoileanna chun modúl samplóra sé seachtaine a sholáthar. Beidh an modúl ar siúl ar feadh tréimhse sé seachtaine i dtreo dheireadh an chéad téarma den scoilbhliain 2021-2022.
- Tá forbairt leanúnach á dhéanamh ar *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* nua. Cé go ndeachaigh dúnadh na scoileanna i bhfeidhm ar chéim an chomhairliúcháin, is é an aidhm anois sonraíocht aonair a fhoilsiú in 2022 a chuimseoidh rang na naíonán sóisearach go rang a sé.
- Aithnítear gur cur chuige rathúil i leith múineadh agus foghlaim teangacha Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (CLIL). Cuireadh an tionscadal CLIL a bhí le tosú ar dtús in Aibreán 2020 ar sos mar gheall ar COVID-19. Táthar ag súil go dtosóidh sé seo arís le linn na scoilbhliana 2021-2022. Beidh seacht scoil páirteach sa chéad chéim agus beidh deis ag daltaí i ranganna na naíonán agus i ranganna a cúig agus a sé ceachtanna Corpoideachais a dhéanamh trí Ghaeilge. Cuirfidh sé seo ar chumas na bhfoghlaiméoirí seo teacht ar an nGaeilge i gcomhthéacs nua agus í a úsáid le haghaidh fíor-riachtanais chumarsáide le linn a gceachtanna Corpoideachais.



*Conas is féidir linn leanúint den mhóiminteam a chruinniú maidir le cur i bhfeidhm an CTB/PLC sa dá theanga? Conas is féidir linn cur leis an bpróiseas comhairliúcháin maidir le Creat Curaclaim na Bunscoile? An bhfuil gach múinteoir ar an eolas faoi fhoireann uirlisí CNCM do OSPS/OCG?*

# Eiseamláirí de Mhachnamh ar Mhúineadh, ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú

Ceapadh na heiseamláirí thíos chun na smaointe agus na samplaí de chleachtas éifeachtach a bhailigh an Roinn sa chaidreamh a bhí aici le déanaí le scoileanna, agus tugtar le chéile iontu mórchuid fadhbanna atá ag teacht chun cinn i scoileanna éagsúla.

## Daltaí Ardghnóthachtála

Tar éis dúinn fillleadh ar an scolaíocht i mí an Mhárta, thuigeamar cé go raibh ár gcian soláthar éifeachtach ó thaobh riachtanais fhormhór na bhfoghlaiméoirí a chomhlíonadh, níor éirigh chomh maith céanna leis dúshlán leordhóthanach a chur faoi dhaltaí ardghnóthachtála. Cruthaíodh é seo san anailís a rinneadh ar shonraí measúnaithe. Rinneamar machnamh ar ár gcleachtais, chuamar i gcomhairle le tuismitheoirí agus le daltaí agus shocraíomar béim ar leith a leagan ar fhoghlaim chomhoibritheach agus tascanna níos oscailte a úsáid chun a chinntiú go gcuirfí dúshlán níos mó faoinár ndaltaí ardghnóthachtála. D'fhéachamar ar shaineolas na foirne agus rinne na baill a gcuid foghlama a roinnt. Shocraíomar cur chuige scoile uile a ghlacadh chun tosaíocht a thabhairt do sholáthar do dhaltaí ardghnóthachtála sa chlár forbartha gairmiúla a bheas ar siúl i mbliana.



## Gaeilge

Fad a bhí na scoileanna dúnta, thugamar faoi deara go raibh drogall ar dhaltaí iad féin a thaifeadh ag labhairt Gaeilge. Nuair a d'fhillomar ar an scoil, shocraíomar croífhoclóir agus frásaí a mhúineadh do na daltaí ag gach leibhéal ranga, a n-inniúlacht agus a bhféinmhuinín sa chumarsáid a fhorbairt agus deiseanna bríocha a bhfuil cuspóir ag baint leo a chruthú dóibh chun an t-eolas seo a úsáid i gcomhthéacs. Sa scoilbhliain seo chugainn, déanfar gach múinteoir a nascadh le rang i scoil eile agus úsáidfidh na daltaí ceisteanna agus freagraí cleachtaithe le linn glaonna ar líne. Seolfaidh siad chuig an rang eile taifeadtaí dá miondrámaí, rólghlacadh, rainn, dánta agus amhráin. Léifidh siad ó raon leabhar Gaeilge atá oiriúnach do gach leibhéal agus taifeadfaidh siad a chéile agus roinnfidh siad iad seo le tuismitheoirí. Cuirfimid acmhainní ó cog.ie lena gclár freisin agus déanfaimid cartúin ó Cúla4 a chomhtháthú lena gcuid foghlama chun ardleibhéal spéise a bhuanú. Tá ár scoil tar éis clárú do chuntas twitter COGG @CoggOid chun go mbeimid ar an eolas faoi na hacmhainní is déanaí.



## DEIS

Is scoil mhór uirbeach DEIS í ár scoil, agus tar éis machnamh a dhéanamh ar an múineadh agus ar an bhfoghlaim a tharla le linn scoilbhliain 2020/21, thugamar tús áite do roinnt réimsí chun díriú orthu in 2021/22. Bhíomar sásta leis na leibhéil rannpháirtíochta ar an iomlán, ach fuairamar amach go raibh na deacrachtaí ba mhó leis an gcianfhoghlaim ag leanáí a raibh Béarla mar Theanga Bhreise acu. Tabharfar tús áite don litearthacht, agus shocraíomar dian-idirghabhálacha duine le duine nó grúpa beag a eagrú do na leanáí seo sa chéad téarma den scoilbhliain nua. Ba mhaith linn freisin teagasc foirne a chur ar ais inár gclár litearthachta. Beimid ag díriú ar dtús ar an teanga labhartha, agus beidh Curaclam Teanga na Bunscoile in úsáid againn. Tá sé i gceist againn tionscnaimh a chur ar bun ar aon dul leis an *gContanam Tacaíochta*. I gceist sna tionscnaimh seo beidh ceachtanna laethúla teanga béil, seisiúin do ghrúpaí beaga agus tacaíocht duine le duine nuair is gá. Úsáidfidh fianaise ar fhoghlaim ón *gClár Samhraidh* chun na hidirghabhálacha seo a threorú. Chabhraigh dúnadh na scoileanna go mór linn caidreamh a chothú le tuismitheoirí, mar bhíomar i dteagmháil laethúil le go leor acu. Tá súil ag ár múinteoir teagmhála baile, scoile agus an phobail go leor de na cúrsaí pearsanta a chuireann sé ar fáil de ghnáth le tuismitheoirí a chur ar fáil níos déanaí sa scoilbhliain nua de réir na comhairle sláinte poiblí. Ar deireadh, tá dul chun cinn déanta againn i ndáiríre mar scoil leis na teicneolaíochtaí digiteacha, agus ba mhaith linn leas a bhaint as an dul chun cinn seo agus teicneolaíochtaí digiteacha a leabú i ndáiríre sa teagasc agus san fhoghlaim.

